



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta
Sampla 1

Sean-Ghréigis

Ardleibhéal

2 uair 30 nóiméad

300 marc

Scrúduimhir

----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------

Dáta Breithe

		/			/		
----------------------	----------------------	---	----------------------	----------------------	---	----------------------	----------------------

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

Stampa an Ionaid

--

Ná scríobh ar an leathanach seo

Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus do dháta breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí i bpeann gorm nó dubh.

Níl cead agat peann luaidhe a úsáid, lena n-áirítear pionsail dathadóireachta, **ach amháin** le haghaidh líníochtaí nó léaráidí.

Scríobh do fhreagraí go léir sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás freagartha breise ag deireadh gach roinne, agus spás le haghaidh obair gharbh ag deireadh an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise dá leithéid go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus cuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora ar scáileán. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de limistéir na bhfreagraí.

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

Roinn A: Príomhthéacs

100 marc

- Freagair na ceisteanna atá ann.

Roinn B: Téacsanna Neamhfheicthe

200 marc

- Freagair na ceisteanna atá ann.

Tá na giorrúcháin thíos in úsáid sna gluaiséanna ar an scrúdpháipéar seo:

infin. = briathar infinideach

ainm. = tuiseal ainmneach

gairm. = tuiseal gairmeach

culp. = tuiseal cuspóireach

gin. = tuiseal ginideach

tabh. = tuiseal tabharthach.

Roinn A	Príomhthéacs	100 marc
---------	--------------	----------

Freagair Ceist 1 agus Ceist 2.

Ceist 1

50 Marc

Léigh Téacs A agus freagair **gach ceann** de na ceistanna seo a leanas.

Téacs A: *Méidé* le hEoiripidéas

Kréων:	ἀλλ' ἔξιθ' ὥς τάχιστα, μὴ λόγους λέγε· ὥς ταῦτ' ἄραρε, κούκ ἔχεις τέχνην ὅπως μενεῖς παρ' ἡμῖν οὔσα δυσμενῆς ἐμοί.	
Μήδεια:	μή, πρὸς σε γονάτων τῆς τε νεογάμου κόρης.	
Kréων:	λόγους ἀναλοῖς· οὐ γὰρ ἂν πείσais ποτέ.	5
Μήδεια:	ἀλλ' ἐξελᾶς με κούδεν αἰδέση λιτάς;	
Kréων:	φιλῶ γὰρ οὐ σέ μᾶλλον ἢ δόμους ἐμούς.	
Μήδεια:	ὦ πατρίς, ὥς σου κάρτα νῦν μνείαν ἔχω.	
Kréων:	πλὴν γὰρ τέκνων ἔμοιγε φίλτατον πολύ.	
Μήδεια:	φεῦ φεῦ, βροτοῖς ἔρωτες ὥς κακὸν μέγα.	10

(a) Sainaithe aimsir, faí, agus modh an dá bhriathar seo thíos ó Théacs A.

Briathar	Aimsir	Faí	Modh
λέγε (líne 1):			
πείσais (líne 5):			

(b) Tabhair na **ceithre** phríomhroinn seo le haghaidh an bhriathair φιλῶ (líne 7).

Aimsir Láithreach gníomhach:
Aimsir Fháistineach gníomhach:
Aimsir Éigríochta gníomhach
Aimsir Éigríochta céasta:

- (c) Roghnaigh ainmfhocal **ar bith** sa tuiséal ginideach i dTéacs A. Mínigh an chúis a bhfuil an t-ainmfhocal seo sa tuiséal ginideach.

Ainmfhocal Sean-Ghréigise:	Líne:
Míniú:	

- (d) Cuir Gaeilge ar línte 6-9 de Théacs A.

- (e) Mínigh brí líne 10 i dTéacs A, *φεῦ φεῦ, βροτοῖς ἔρωτες ὥς κακὸν μέγα*, maidir le tábhacht eros i *Méidé* le hEoiripidéas.

Léigh Téacs B agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

Téacs B: *Medea* le hEoiripidéas

Μήδεια: ἐκ τῶν δὲ πρώτων πρῶτον ἄρξομαι λέγειν·
 ἔσωσά σ', ὡς ἴσασιν Ἑλλήνων ὅσοι
 ταῦτ' οὖν συνεισέβησαν Ἀργεῶν σκάφος,
 πεμφθέντα τούρων πυρπνόνων ἐπιστάτην
 ζεύγλαισι καὶ σπεροῦντα θανάσιμον γύνην· 5
 δράκοντά θ', ὃς πάγχρυσον ἀμπέχων δέρος
 σπείραις ἔσωζε πολυπλόκοις ἄυπνος ὦν,
 κτείνας' ἀνέσχον σοὶ φάος σωτήριον.
 αὐτὴ δὲ πατέρα καὶ δόμους προδοῦσ' ἐμοῦς
 τὴν Πηλιῶτιν εἰς Ἴωλκὸν ἰκόμην 10
 σὺν σοί, πρόθυμος μᾶλλον ἢ σοφωτέρα·
 Πελίαν τ' ἀπέκτειν', ὥσπερ ἁλγιστον θανεῖν,
 παίδων ὑπ' αὐτοῦ, πάντα τ' ἐξεῖλον δόμον.
 καὶ ταῦθ' ὑφ' ἡμῶν, ὧς κάκιστ' ἀνδρῶν, παθῶν
 προύδωκας ἡμᾶς, καὶνὰ δ' ἐκτήσω λέχη, 15
 παίδων γεγῶτων· εἰ γὰρ ἦσθ' ἅπαις ἔτι,
 συγγνώστ' ἂν ἦν σοὶ τοῦδ' ἐρασθῆναι λέχους.

- (a) Mínigh an fáth a dtosaíonn Méidé a hóráid le 'ἐκ τῶν δὲ πρώτων πρῶτον.' Is féidir leat aistriúchán ar líne 1 a chur le do fhreagra chun tacú leis.

(b) Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas.

- (i) An dóigh leat go mbainfeadh óráid Mhéidé i dTéacs B suaitheadh as lucht éisteachta sean-Aithneach? Tacaigh le do fhreagra le hanailís ar theanga na Sean-Ghréigise i dTéacs B **agus** an staidéar a rinne tú ar *Mhéidé* le hEoiripidéas.

NÓ

- (ii) An duine báúil í Méidé i *Méidé* le hEoiripidéas, dar leat? Tacaigh le do fhreagra le hanailís theangabhunaithe ar Théacs B.

Spás Pleanála Roghnach:

Freagra ar Cheist 2 (b), cuid ☐

[illegible]

Freagair Ceist 3, Ceist 4, agus Ceist 5.

Ceist 3

90 marc

Léigh Téacs C agus freagair **gach ceann** de na ceisteanna seo a leanas.

Tagann Téacs C ón traigéide *Alcestis* le hEoiripidéas. Tá Alcestis tar éis toiliú bás a fháil in áit a fir chéile, Admetus, ionas gur féidir leis maireachtáil fós. Sa sliocht seo, freagraíonn Alcestis d'achainíocha Admetus nach bhfaighfeadh sí bás ina áit. Tugtar na focail faoi chló trom in ord aibítre sa ghluais thíos.

Téacs C: *Alcestis* le hEoiripidéas

Ἄλκηστις: **Ἄδμηθ'**, ὁρᾷς γὰρ τὰμὰ πράγμαθ' ὥς ἔχει,
λέξαι **θέλω** σοι πρὶν **θανεῖν** ἃ βούλομαι.
ἐγὼ σε **πρεσβεύουσα** κἀντὶ τῆς ἐμῆς
ψυχῆς **καταστήσασα** **φῶς** τόδ' εἰσορᾷν
θνήσκω, **παρόν** μοι μὴ **θανεῖν** ὑπὲρ **σέθεν**, 5
ἀλλ' ἄνδρα τε **σχεῖν** **Θεσσαλῶν** ὃν ἠθέλον
καὶ **δῶμα** **ναίειν** **ὄλβιον** τυραννίδι.
κούκ ἠθέλησα **ζῆν** **ἀποσπασθεῖσα** σοῦ
σὺν παισὶν **ὀρφανοῖσιν**, οὐδ' **ἐφεισάμην**
ἧβης, ἔχουσ' ἐν οἷς **ἐτερπόμεν** ἐγώ. 10

Ἄδμητος, Ἀδμήτου, ὁ = Admetus

Ἄλκηστις, Ἀλκήστιδος, ἡ = Alcestis

ἀποσπασθεῖσα = 'tar éis gur sracadh ó' (+ gin.)

δῶμα, -ατος, τό = teach

ζῆν = infinideach de ζάω, mairim

ἧβη, -ης, ἡ = óige

θανεῖν = ἀποθανεῖν

θέλω = ἐθέλω

Θεσσαλός, -ή, -όν = Teasálach, duine as an Teasáil

θνήσκω = ἀποθνήσκω

καταστήσασα = 'tar éis beartú'

ναίω = cónaím i, áitrím

ὄλβιος, -α, -ον = saibhir

ὀρφανός, -ή, -όν = dílleachtach

παρόν = 'cé gurbh fhéidir é'

πρεσβεύω = tugaim tosaíocht do

σέθεν = σοῦ

σχεῖν = infinideach éigríochta de ἔχω

τέρπομαι = cuireann sé lúcháir orm

φείδομαι (+ gin.) = spárálaim

φῶς, φωτός, τό = solas

ὥς = conas

(a) Ainmnigh **agus** scan meadaracht na dara líne de Théacs C:

Ainm:

λέξαι **θέλω** σοι πρὶν **θανεῖν** ἃ βούλομαι.

(b) Aistrigh Téacs C go Gaeilge.

(c) Tabhair breac-chuntas ar roinnt gnéithe stíle den drámaíocht Shean-Ghréagach agus úsáid samplaí ó Théacs C.

Léigh Téacs D agus freagair i nGaeilge **ocht gcinn ar bith** de na deich gceist a leanas.

Óráid ó chás cúirte is ea Téacs D. Míníonn an cosantóir neamhainmnithe don ghiúiré gur bhris a chéile iomaíochta, Síomón, isteach ina theach go fórsúil mar gheall ar achrann faoi fhear óg darbh ainm Theodotus. Tugtar na focail faoi chló trom in ord aibítire sa ghluais thíos.

Téacs D: bunaithe ar Lisias, *In Aghaidh Shíomóin*

ἐπειδὴ **Σίμων** με εἰς τοιαύτην ἀνάγκην **κατέστησεν**, οὐδὲν **ἀποκρυψάμενος** ἅπαντα

διηγέσμαι πρὸς ὑμᾶς τὰ **πεπραγμένα**. ἡμεῖς γὰρ **ἐπεθυμήσαμεν**, ὦ ἄνδρες, **Θεοδότου**,

Πλαταϊκοῦ μειρακίου, καὶ ἐγὼ μὲν εὖ ποιῶν αὐτὸν **ἡξίου** εἶναί μοι φίλον, οὗτος δὲ ὑβρίζων

καὶ **παρανομῶν ᾤετο** ἀναγκάσειν αὐτὸν ποιεῖν ὅ τι βούλοιο.

ὁ **Σίμων** γὰρ πυθόμενος ὅτι τὸ **μειράκιον** ἦν παρ' ἐμοί, ἐλθὼν ἐπὶ τὴν οἰκίαν τὴν ἐμὴν **νύκτωρ** 5
μεθύων, **ἐκκόψας** τὰς θύρας εἰσῆλθεν εἰς τὴν **γυναικωνῖτιν**, ἔνδον οὐσῶν τῆς τε ἀδελφῆς τῆς ἐμῆς καὶ τῶν **ἀδελφιδῶν**, αἱ οὕτω κοσμίως **βιοῦσιν** ὥστε καὶ ὑπὸ τῶν οἰκείων ὀρώμεναι αἰσχύνονται.

ἀδελφιδῆ, -ῆς, ἡ = neacht

ἀποκρύπτομαι = ceilim

βιόω = mairim

γυναικωνίτις, -ιδος, ἡ = ceathrú na mban

διηγέομαι = cuirim síos ar, insím

ἐκκόπτω = leagaim síos

ἐπιθυμέω (+ gin.) = tá dúil agam i, santaím

ἡξίου = 'shíl mé gur chuí' (+ cusp. agus infin.)

Θεόδοτος, -ου, ὁ = Theodotus

κατέστησεν = 'chuir sé'

μεθύω = táim ar meisce

μειράκιον, -ου, τό = fear óg

νύκτωρ = san oíche, istoíche

παρανομέω = gníomhaím go neamhdhleathach

πεπραγμένα = 'an rud a tharla'

Πλαταϊκός, -ή, -όν = Plataeach, duine as Plataea

Σίμων, Σίμωνος, ὁ = Síomón

ᾤετο = 'bhí sé ar intinn aige' (+ infinideach fáistineach)

(a) I línte 1-2, cad a deir an cosantóir a dhéanfaidh sé?

(b) Cén cineál focail é ἡμεῖς (líne 2)? Tabhair inscne, tuiseal agus uimhir ἡμεῖς.

Cineál focail:
Inscne, tuiseal agus uimhir:

(c) Cad a bhraitheann an cosantóir i leith Theodotus agus cad a cheapann sé de?

(d) I líne 3, cad a chiallaíonn úβρίζων agus cén fáth a bhfuil an focal seo tábhachtach i gcultúr na Sean-Ghréige?

(e) Conas a deir an cosantóir a ngníomhódh Síomón i leith Theodotus?

(f) Cuir Gaeilge ar an bhfrása seo: ὁ Σίμων γὰρ πυθόμενος ὅτι τὸ μειράκιον ἦν παρ' ἐμοί. (líne 5)

(g) Cad a rinne Síomón nuair a tháinig sé chuig an teach?

(h) Ainmnigh an struchtúr a leanas agus mínigh cén chaoi a n-úsáidtear é.
ἐνδον οὐσῶν τῆς τε ἀδελφῆς τῆς ἐμῆς καὶ τῶν ἀδελφιδῶν. (línte 6-7)

(i) Cén fáth a measann an cosantóir go raibh iompar Shíomóin sa teach chomh míchuí sin?

Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.

- (j) Breac síos **dhá** dhíorthach Béarla a thagann ó aon fhocail Sean-Ghréigise i dTéacs D. Mínigh an bhaint atá ag brí gach focal Béarla leis an bhfocal Sean-Ghréigise óna dtagann sé.

Díorthach Béara 1:	Focal Sean-Ghréigise:
Míniú:	
Díorthach Béarla 2:	Focal Sean-Ghréigise:
Míniú:	

Ceist 5

30 marc

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas.

- (a) Roghnaigh **téacs amháin ar a laghad** as Roinn B (Téacs C, Téacs D). Cad a d'fhoghlaim tú faoi luachanna na Sean-Aithneach ón téacs/ó na téacsanna? Tacaigh le do fhreagra le hanailís theangabhunaithe.

NÓ

- (b) Roghnaigh **aon** téacs Sean-Ghréigise a léigh tú **seachas Méidé** le hEoiripidéas. Cad a d'fhoghlaim tú faoin gcultúr Heilléanach ón téacs seo? I do fhreagra, tig leat tagairt do dhaoine, áiteanna, imeachtaí stairiúla, luachanna, nósanna, etc. Sainaithin an téacs le heolas mar ainm an údair, ábhar nó teideal an téacs, dáta an téacs, an seánra, etc.

Spás Pleanála Roghnach:

[illegible]

[illegible]

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraíthe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

Sean-Ghréigis

Sampla 1

2 uair 30 nóiméad

